**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2045 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18 Deireadh Fómhair 2022**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Chianti Classico" (STFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 53(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile ar leasuithe a fhormheas ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Chianti Classico" atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 2446/2000 ón gCoimisiún ([2]), faoi mar a leasaíodh é le Rialachán (AE) Uimh. 216/2011 ([3]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 267/2013 ([4]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2), pointe (a), den Rialachán sin.

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Chianti Classico" (STFC) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2446/2000 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2000 lena bhforlíontar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2400/96 maidir le ainmneacha áirithe a chlárú i "gClár na sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint" dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint (IO L 281, 7.11.2000, lch. 12).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 216/2011 ón gCoimisiún an 1 Márta 2011 lena bhformheastar leasuithe nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Chianti Classico (STFC)] (IO L 59, 4.3.2011, lch. 17).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 267/2013 ón gCoimisiún an 18 Márta 2013 lena bhformheastar mionleasú ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Chianti Classico (STFC)] (IO L 82, 22.3.2013, lch. 38).

([5]) IO C 234, 17.6.2022, lch. 14.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*